Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16054/23**

**AG 157**
**INST 475**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa<br>- Tograí agus bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa: Measúnú nuashonraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí leis seo, nóta, chomh maith le tábla in Aguisín 1, ina ndéantar measúnú ar an obair leantach a rinneadh ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[1], ón 9 Bealtaine 2022, dáta deiridh na Comhdhála, go dtí mí na Samhna 2023.

Leis an doiciméad seo, nuashonraítear an réamh-mheasúnú teicniúil ó Ardrúnaíocht na Comhairle ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara atá i dtuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála a eisíodh i mí an Mheithimh 2022[2], agus a nuashonraíodh ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2022[3].

[1] 8933/22
[2] Réamh-mheasúnú teicniúil ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/22.
[3] Réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/1/22 REV 1.

## Obair leantach ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[4]

### I. Réamhrá

1. An 9 Bealtaine 2022, cuireadh an tuarascáil maidir le toradh deiridh[5] na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, mar a fhoráiltear sa Dearbhú Comhpháirteach a síníodh i mí an Mhárta 2021[6]. Mar chuid den Dearbhú Comhpháirteach, chomhaontaigh an triúr uachtarán a scrúdú a dhéanamh go pras ar an gcaoi is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar an tuarascáil sin, laistigh dá réimse féin inniúlachtaí agus i gcomhréir leis na Conarthaí.

2. Tá 49 dtogra agus 326 bheart shonracha ghaolmhara sa tuarascáil chríochnaitheach seo, arna gcur chun cinn ag Cruinniú Iomlánach na Comhdhála. Baineann siad sin le naoi dtopaic: 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist'; 'Oideachas, cultúr, an óige agus spórt; 'An claochlú digiteach'; 'An daonlathas Eorpach'; 'Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil'; 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol'; 'An tSláinte'; 'An tAontas sa domhan mór'; agus 'An imirce'.

3. Tá na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara bunaithe den chuid is mó ar na moltaí a rinne na saoránaigh mar chuid de Phainéil Eorpacha agus Náisiúnta na Saoránach a eagraíodh faoi chuimsiú na Comhdhála. Cuireann siad freisin leis na smaointe a comhroinneadh ar ardán digiteach ilteangach na Comhdhála, lena n-áirítear toradh an réimse leathain imeachtaí agus tionscnamh[7] arna n-eagrú ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, ar ghlac na mílte saoránach ó gach cearn den Aontas páirt iontu, chomh maith leis na díospóireachtaí a tionóladh i gCruinniú Iomlánach na Comhdhála.

---

[4] Leis an doiciméad seo, nuashonraítear an réamh-mheasúnú teicniúil ó Ardrúnaíocht na Comhairle ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/1/22 REV 1

[5] 8933/22

[6] 6796/21

[7] Tá tuilleadh faisnéise faoi ghníomhaíochtaí na mBallstát ar fáil i dtuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála, 8933/2022, agus ar an rannán atá tiomnaithe do na Painéil Saoránach Náisiúnta agus d'imeachtaí náisiúnta ar ardán digiteach ilteangach na Comhdhála.

4. Le linn na Comhdhála, agus ag an imeacht clabhsúir, d'athdhearbhaigh an Chomhairle a thiomanta atá sí cinneadh a dhéanamh, tar éis an 9 Bealtaine 2022, faoin gcaoi is féidir obair leantach a dhéanamh ar thorthaí na Comhdhála, i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach.

5. An 10 Meitheamh 2022[8], d'fhoilsigh Ardrúnaíocht na Comhairle réamh-mheasúnú teicniúil ina léirítear, i gcás gach ceann de na 49 dtogra agus 326 bheart atá i dtuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála, na réimsí ina raibh na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara á gcur chun feidhme cheana féin, agus na réimsí a bhféadfadh institiúidí an Aontais aghaidh a thabhairt orthu a thuilleadh. Nuashonraíodh an measúnú sin ina dhiaidh sin an 30 Samhain 2022[9].

6. Mar a fhoráiltear i bhféilire na Comhdhála, an 2 Nollaig 2022, d'eagraigh na trí institiúid de chuid an Aontais a shínigh an Dearbhú Comhpháirteach imeacht aiseolais do na saoránaigh a ghlac páirt i bPainéil Eorpach na Saoránach agus d'ionadaithe na bPainéal Náisiúnta Saoránach agus d'imeachtaí náisiúnta chun iad a chur ar an eolas faoin obair a rinneadh ón 9 Bealtaine 2022 chun obair leantach a dhéanamh ar thuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála. Iarradh ar na saoránaigh a dtuairimí a chomhroinnt faoin obair leantach sin agus ceisteanna a chur ar na hionadaithe polaitiúla sin a d'fhreagair na ceisteanna ar fad a bhí acu.

7. Bliain go leith tar éis imeacht clabhsúir na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, leis an doiciméad seo agus leis an tábla in Aguisín 1, déantar measúnú ar an obair leantach a rinneadh ar na tograí agus ar na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil ar thoradh deiridh na Comhdhála go dtí mí na Samhna 2023.

## II. Forléargas ginearálta ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun tograí agus bearta sonracha gaolmhara na tuarascála maidir le toradh deiridh na Comhdhála a chur chun feidhme.

8. Ón 9 Bealtaine 2022 ar aghaidh, tá na trí institiúid ag obair ar an obair leantach ar na 49 dtogra agus ar na 326 bheart shonracha ghaolmhara i dtuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála, agus tá an obair sin fós ar bun.

[8] Réamh-mheasúnú teicniúil ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/22.

[9] Réamh-mheasúnú teicniúil nuashonraithe ar na tograí agus na bearta sonracha gaolmhara sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/1/22 REV 1.

9. Rinneadh an obair sin den chuid is mó faoi chuimsiú nósanna imeachta reachtacha bunaithe an Aontais. Go deimhin, rinneadh obair leantach ar na tograí a rinneadh le linn na Comhdhála le go leor de na príomhthionscnaimh a leagtar amach i gClár Oibre an Choimisiúin do 2023[10]. Tagraíonn Clár Oibre an Choimisiúin do 2024[11] don Chomhdháil freisin, agus tá roinnt tionscnamh a bhaineann le saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu i dtograí na Comhdhála ann. Foráiltear sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le Tosaíochtaí Reachtacha an Aontais do 2023 agus 2024 go bhfuil *'a lán de na tograí a d'eascair as an gComhdháil ar chlár oibre an Choimisiúin do 2023 agus geallaimid i gcomhpháirt le chéile go dtabharfaimid aird ar leith orthu'.* Chuige sin, d'oibrigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le chéile ar bhonn thionscnaimh an Choimisiúin i roinnt réimsí beartais atá i dtuarascáil chríochnaitheach na Comhdhála.

10. Cuireadh san áireamh freisin i gClár Oibre an Choimisiúin do 2023 agus 2024 tograí agus bearta sonracha gaolmhara eile ón gComhdháil lena gceanglaítear obair neamhreachtach a chur chun feidhme. Ar a taobh féin, tá na tograí ón gComhdháil agus na bearta sonracha gaolmhara ar ar féidir léi gníomhú aisti féin sainaitheanta ag an gComhairle, e.g., gan togra nó moladh ó institiúid nó ó chomhlacht eile de chuid an Aontais (go háirithe an Coimisiún nó an tArdionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála) agus tá tús curtha aici leis an obair ar na bearta sin, go háirithe maidir le gnéithe áirithe de phróiseas cinnteoireachta na Comhairle[12].

11. Tá obair leantach na Comhairle, i dtaca le hobair reachtach agus neamhreachtach, bunaithe go háirithe ar an réamh-mheasúnú teicniúil a rinne Ardrúnaíocht na Comhairle ar na tograí ón gComhdháil agus ar na bearta sonracha gaolmhara an 10 Meitheamh 2022. Ós rud é gur léiríodh sa mheasúnú go bhféadfaí formhór mór na dtograí (beagnach 95 % díobh) a chur chun feidhme laistigh de chreat reatha na gConarthaí, thug an Chomhairle aghaidh ar na tograí sin mar ábhar tosaíochta, agus é mar chuspóir aici freagraí a thabhairt ar ábhair imní na saoránach laistigh de thréimhse ama sách gearr, agus tionchar dearfach a bheith aici ar a saol laethúil trí bheartas nithiúil.

12. Maidir leis an líon an-teoranta beart sonrach (thart ar 5 %) lena n-éileofaí athrú ar an gConradh chun go gcuirfí chun feidhme ina n-iomláine iad[13]. Fuair an Chomhairle an 23 Samhain na tograí ó Pharlaimint na hEorpa chun na Conarthaí a leasú agus gníomhóidh sí i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi Airteagal 48 CAE.

## III. Na mór-éachtaí a baineadh amach

13. Léiríonn an measúnú ar chur chun feidhme na 49 dtogra agus na 326 bheart, dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo, go bhfuil tromlach mór na dtograí agus

[10] 13847/22
[11] 13917/23
[12] Cf. pointí 16 agus 17 thíos.
[13] Cf. Réamh-mheasúnú teicniúil ar na tograí agus ar na bearta sonracha gaolmhara atá sa tuarascáil maidir le toradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, 10033/22, cuid C. Cf. freisin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo, i gcás ina léirítear i ndath liath bearta lena n-éileofaí athruithe ar na Conarthaí chun go gcuirfí chun feidhme iad.

na mbeart a chuir an Chomhdháil chun cinn curtha chun feidhme nó go bhfuil siad á gcur chun feidhme faoi láthair.

14. Go háirithe, is féidir na mór-éachtaí a baineadh amach a léiriú faoi naoi dtopaic na Comhdhála, agus is iad seo a leanas na mór-éachtaí sin[14]:

– Maidir le 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist': I mí Dheireadh Fómhair 2022, bhunaigh an tAontas rialacha nua lena ndéantar pá íosta reachtúil leordhóthanach a chur chun cinn san Aontas agus lena gcuidítear chun feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála d'fhostaithe san Aontas. Sa mhí chéanna, glacadh an Treoir maidir le cothromaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha, chun ionadaíocht inscne níos cothroime a chur chun cinn ar bhoird cuideachtaí liostaithe, fud fad an Aontais. Thairis sin, leis an Treoir maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú, a glacadh i mí na Bealtaine 2023, bunaítear rialacha nua chun idirdhealú pá a chomhrac agus chun an bhearna phá idir na hinscní san Aontas a dhúnadh. Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le tásca geografacha a neartú, le go mbeadh buntáistí nithiúla le brath ag geilleagar na tuaithe agus le go ndéanfaí oidhreacht ghastranómach an Aontais a chosaint ar fud an domhain.

– Maidir le 'Oideachas, cultúr, an óige agus spórt': I mí Aibreáin 2022, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir leis an spórt mar mhodh chun iompraíocht a chlaochlú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, agus inscne agus cuimsitheacht sa spórt, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Thairis sin, i mí an Mheithimh 2022, ghlac an Chomhairle Moladh maidir leis an bhfoghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe lena spreagtar foghlaimeoirí de gach aois an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a shealbhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe agus chun saol sláintiúil agus comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de a chaitheamh. Ina theannta sin, i mí na Bealtaine 2023, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le céimeanna breise le haghaidh aitheantas frithpháirteach uathoibríoch san oideachas agus san oiliúint. Lena chois sin arís, ghlac an Chomhairle agus na Ballstáit Conclúidí, i mí na Bealtaine 2023, maidir leis an ngné shóisialta d'Eoraip inbhuanaithe don óige, inar iarradh go bhféachfaí ar bhealaí le rannpháirtíocht daoine óga sa phróiseas polaitiúil a mhéadú, agus le dearcadh na hóige a chomhtháthú sna beartais uile agus ag gach leibhéal rialtais. I mí Dheireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán maidir le cosaint tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, chun cosaint chomhchosúil leis an gcosaint a thugtar do bhianna nó deochanna a tháirgtear go réigiúnach, a áirithiú.

[14] Tá an liosta éachtaí seo neamh-uileghabhálach agus tá sé ceaptha léiriú a thabhairt gan réamhbhreith a dhéanamh ar thábhacht na n-éachtaí sin i gcomparáid le cinn eile. Tá liosta iomlán de na héachtaí, beart ar bheart, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.

- Maidir leis 'An claochlú digiteach': I mí Mheán Fómhair 2022, ghlac an tAontas pacáiste seirbhísí digiteacha mar fhreagairt an Aontais ar an ngá atá leis an spás digiteach a rialáil. Is é is aidhm don Ghníomh um Margaí Digiteacha earnáil dhigiteach atá iomaíoch agus cothrom a áirithiú d'fhonn an nuálaíocht, táirgí agus seirbhísí digiteacha ar ardchaighdeán agus praghsanna níos cothroime do thomhaltóirí a chur chun cinn. Ina theannta sin, leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2022, déantar an spás digiteach a chosaint ar scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh agus áirithítear cosaint chearta bunúsacha na n-úsáideoirí. Lena chois sin arís, tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach, i mí na Samhna 2023, maidir le creat nua le haghaidh céannacht dhigiteach Eorpach (eID), d'fhonn céannacht dhigiteach iontaofa shlán a áirithiú do mhuintir uile na hEorpa.
- Maidir leis 'an daonlathas Eorpach': Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú, i mí an Mheithimh 2022, faoi na Conclúidí maidir le cosaint agus sábháilteacht iriseoirí agus gairmithe eile sna meáin. Thairis sin, i mí an Mhárta 2023, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí maidir le ról an spáis shibhialta i ndáil le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas, conclúidí ina leagtar béim ar an ról atá ag an tsaoirse chun comhlachais i dtaobh sochaí dhaonlathach iolraíoch agus dea-fheidhmiú an tsaoil phoiblí a áirithiú. Tháinig an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú sealadach, i mí na Samhna 2023, maidir leis na príomhghnéithe polaitiúla de rialachán nua maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla, arb é is aidhm dó é a éascú do shaoránaigh fógraí polaitiúla a aithint, ionas gur fearr a bheidh siad in ann roghanna eolasacha a dhéanamh. Ina theannta sin, ag tógáil ar na Painéil Saoránach Eorpach a tionóladh i gcomhthéacs na Comhdhála, d'eagraigh an Coimisiún painéil saoránach, le linn 2023, maidir le cur amú bia, an tsoghluaisteacht foghlama agus na domhain fhíorúla.
- Maidir le 'Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil': D'fhormheas an Chomhairle Conclúidí, i mí Iúil 2022, maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), lena gcuirtear dlús le rannpháirtíocht agus le cumas an Aontais dul i ngleic leis an mbréagaisnéis. In 2022, cruthaíodh an bosca uirlisí maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), arb é is aidhm dó féachaint chuige go ndéanfar an iliomad uirlisí atá ann cheana ar leibhéal an Aontais chun cur i gcoinne FIMI a chomhordú. Ina theannta sin, ghlac an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa Rialachán nua, i mí Mheán Fómhair 2023, lena gcuirfear borradh faoin malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta idir na húdaráis náisiúnta agus Eurojust, lena gcuirfear ar chumas údaráis na mBallstát agus ghníomhaireachtaí an Aontais rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis is iomláine agus is nuashonraithe maidir le cásanna sceimhlitheoireachta. Lena chois sin, d'fhormheas an Chomhairle Conclúidí, i mí Dheireadh Fómhair 2023, maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach.
- Maidir leis 'An t-athrú aeráide agus an comhshaol': le linn na géarchéime fuinnimh in 2022, ghlac an Chomhairle raon beart éigeandála, *inter alia* maidir le stóráil gáis, maidir le bearta comhordaithe a ghlacadh chun an t-éileamh ar ghás a laghdú, maidir le hidirghabháil

éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, agus maidir le ceannacháin dlúthpháirtíochta gáis. Thairis sin, i gcomhréir leis an gComhbheartas Talmhaíochta nua, a tháinig i bhfeidhm go hiomlán i mí Eanáir 2023, ní mór do na Ballstáit 25 % dá n-imchlúdaigh íocaíochta dírí a thiomnú d'éiciscéimeanna chun tacú le feirmeoirí a thugann gealltanais cloí le cleachtais talmhaíochta a rachaidh chun tairbhe don aeráid, don chomhshaol agus do leas ainmhithe agus chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac. Glacadh Rialachán, i mí an Mhárta 2023, lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta níos déine maidir le hastaíochtaí CO2 i gcás gluaisteáin agus veaineanna nua. Ina theannta sin, glacadh rialacha nua maidir leis an athchóiriú ar chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE) i mí Aibreáin 2023. Is margadh carbóin é CTA AE atá bunaithe ar chóras teorannaithe agus trádála lamháltas astaíochtaí do thionscail dianfhuinnimh, don earnáil giniúna cumhachta agus don earnáil eitlíochta. Cuirfear astaíochtaí ón loingseoireacht san áireamh den chéad uair, agus cuireadh córas nua ar leithligh ar bun le haghaidh foirgneamh, an iompair de bhóthar agus earnálacha breise. Ina theannta sin, mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' — sraith tograí lena ndéanfar athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais agus arb é is aidhm di astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 — foráiltear, leis an Treoir nua maidir le Fuinneamh Inathnuaite, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2023, foráiltear do rialacha chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite i dtomhaltas fuinnimh foriomlán an Aontais a mhéadú. Anuas air sin, tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach, i mí na Samhna 2023, maidir le rialacha nua chun gnáthóga díghrádaithe san Aontas a athchóiriú agus a chaomhnú, agus é mar sprioc 20 % ar a laghad de limistéir talún agus farraige an Aontais a athchóiriú faoi 2030, agus gach uile éiceachóras a bhfuil athchóiriú de dhíth air a athchóiriú faoi 2050.

- Maidir leis '<u>an tSláinte</u>': ghlac an Chomhairle dhá Rialachán, i mí Dheireadh Fómhair 2022, ceann maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus an ceann eile maidir le creat beart a bhaineann le frithbhearta leighis i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais. In éineacht leis an dá Rialachán eile maidir le ról treisithe don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, a glacadh an bhliain chéanna, is é is aidhm do na Rialacháin sin feabhas a chur ar acmhainneachtaí an Aontais freagairt do phaindéimí a bheidh ann amach anseo agus do ghéarchéimeanna eile sláinte trasteorann agus treisiú leis na bearta frithghníomhacha atá ar fáil don Aontas maidir le soláthar, táirgeadh agus stoc-charnadh frithbhearta leighis atá ábhartha i gcás géarchéime. I mí an Mheithimh 2023, tar éis don Chomhairle tionscnamh den sórt sin a iarraidh, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte, chun an mheabhairshláinte a chur ar comhchéim leis an tsláinte fhisiciúil agus chun cur chuige trasearnála nua a áirithiú i leith saincheisteanna meabhairshláinte.

- Maidir le '<u>An tAontas Eorpach sa domhan mór</u>': Is trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála, a bhíonn an tAontas

gníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta. Go háirithe, mar fhreagairt ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tá an tAontas Eorpach tiomanta tacaíocht láidir airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt, don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin, agus leanfaidh sé den tacaíocht sin a thabhairt. Sa chomhthéacs sin, d'fhorchuir an Chomhairle 11 phacáiste de bhearta sriantacha i gcoinne na Rúise. Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an méadú, thug an Chomhairle Eorpach stádas mar iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas Eorpach don Úcráin agus don Mholdóiv i mí an Mheithimh 2022, agus thug sí an stádas céanna sin don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin i mí na Nollag 2022. D'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach freisin a tiomantas iomlán gan staonadh do pheirspictíocht na mBalcán Thiar maidir le ballraíocht san Aontas. Thairis sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 24-25 Márta 2022, go leanfaí den obair maidir le cur chun feidhme Dhearbhú Versailles, a ghlac ceannairí an Aontais an 11-12 Márta 2022, chun bonn eacnamaíoch níos oscailte agus níos láidre a thógáil, go háirithe trí spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú sna réimsí is íogaire. Sa chomhthéacs sin, chun athléimneacht shlabhraí soláthair criticiúla an Aontais a mhéadú, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialachán, i mí Mheán Fómhair 2023, lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (ar a dtugtar 'an Gníomh um Shliseanna' freisin). Thairis sin, an 13 Samhain 2023, tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach i ndáil leis an Rialachán maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, arb é is aidhm dó slándáil sholáthar na n-amhábhar is gá do thionscail na hEorpa a bhaint amach, go háirithe le haghaidh tionscail teicneolaíochta glaine.

– Maidir leis '<u>An imirce</u>': I mí Mheán Fómhair 2023, chomhaontaigh an Chomhairle síneadh a chur le cosaint shealadach an Aontais do dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin chun go mbeidh daoine easáitithe ón Úcráin in ann leas a bhaint as cearta comhchuibhithe ar fud an Aontais, lena n-áirítear cónaí, rochtain ar mhargadh an tsaothair agus tithíocht, cúnamh leighis agus rochtain ar oideachas do leanaí. Tá an t-athchóiriú ar an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, ar pacáiste ríthábhachtach é de reachtaíochtaí éagsúla sa réimse sin, tá sé á phlé faoi láthair ag na comhreachtóirí, agus tá d'aidhm aige, i measc nithe eile, an reachtaíocht maidir le tearmann a chomhchuibhiú ar an leibhéal Eorpach.

15. De bhreis ar na mór-éachtaí a baineadh amach thuas, agus mar chuid dá gealltanas féachaint leis an obair leantach is fearr is féidir a dhéanamh sna sála ar an gComhdháil, tá na bearta sonracha arna moladh ag an gComhdháil a bhféadfaidh an Chomhairle gníomhú aisti féin ina leith sainaitheanta ag an gComhairle agus scrúdú déanta aici orthu, i.e., gan togra ná moladh ó institiúid nó ó chomhlacht eile de chuid an Aontais. Orthusan tá 23 bheart shonracha beartaithe, as an 326, a bhaineann go háirithe leis an mbréagaisnéis agus le litearthacht na saoránach sna meáin, cumarsáid i leith na saoránach agus trédhearcacht, an t-ilteangachas,

fostaíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste, an comhar trasteorann, an t-oideachas agus an spórt a threisiú. Tá an obair i leith na mbeart sin idir lámha go fóill i dtionól chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha na Comhairle.

16. Thairis sin, tá tús curtha ag an gComhairle leis an obair ar bhearta na Comhdhála a chur chun feidhme, ar bearta iad lena n-iarrtar go ndéanfaí gnéithe áirithe de chinnteoireacht na Comhairle a fheabhsú, agus go háirithe go méadófaí úsáid na vótála trí thromlach cáilithe sa Chomhairle. Féadfar aghaidh a thabhairt ar thromlach na mbeart sin a bhuí leis na solúbthachtaí dá bhforáiltear le creat reatha na gConarthaí, go háirithe na clásail ghinearálta nó shonracha *passerelle* a chuireann ar chumas na Comhairle Eorpaí nó na Comhairle athrú ó vótáil aontoilíochta go vótáil trí thromlach cáilithe, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i bhforálacha ábhartha na gConarthaí. Tá an Chomhairle ag féachaint an bhféadfaí clásail éagsúla *passerelle* a úsáid, agus go háirithe i gcás réimsí sonracha faoi chuimsiú réimse beartais an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES). Tá an obair maidir leis an tsaincheist sin idir lámha i gcónaí.